

# Polasaí um Chosaint Sonraí

## Cumann Tuismitheoirí Scoil Lorcáin

<b>Aidhmeanna an Pholasaí seo</b>	<p>Caithfidh Cumann Tuismitheoirí Scoil Lorcáin sonraí áirithe a choinneáil ar bhaill Choiste na dTuismitheoirí, ar bhaill Chumann na dTuismitheoirí, ar chuiditheoirí agus ar oibrithe deonacha chun iad a choinneáil cothrom le dáta ar imeachtaí/sain-cheisteanna Chumann na dTuismitheoirí.</p> <p>Tá Cumann Tuismitheoirí Scoil Lorcáin tiomanta a chinntiú go ndéileálfar le haon sonraí pearsanta de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) 2018.</p> <p>Is í aidhm an pholasaí seo a chinntiú go mbíonn gach duine a bhfuil baint acu le láimhseáil sonraí pearsanta go hiomlán ar an eolas faoi na ceanglais.</p>
<b>Cineál sonraí a choinnítear</b>	<p>Láimhseálann Cumann Tuismitheoirí Scoil Lorcáin na sonraí pearsanta seo a leanas: ainmneacha, seoltaí ríomhphoist agus uimhreacha teileafóin baill de Chumann na dTuismitheoirí agus cúntóirí/oibrithe deonacha ag imeachtaí.</p> <p>Coinnítear sonraí pearsanta sna formáidí seo a leanas: comhaid páipéir agus leictreonach.</p> <p>Ar na daoine laistigh de Chumann na dTuismitheoirí a dhéanfaidh sonraí pearsanta a láimhseáil áirítear: baill an choiste</p>
<b>Feidhmiú an Pholasaí</b>	<p>Chun ár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh déanfaidh Coiste na dTuismitheoirí seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>● Cinnteofar go ndéantar aon sonraí pearsanta a bhailiú ar bhealach atá cóir agus dleathach;</li><li>● Tabharfar míniú ar cén fáth go bhfuil gá le sonraí pearsanta ag an tús, cén úsáid a bhainfear astu agus cé chomh fada is a choinneofar iad;</li><li>● Cinnteofar nach ndéanfar ach íosmhéid sonraí a theastaíonn a bhailiú agus a úsáid;</li><li>● Cinnteofar go bhfuil na sonraí cothrom le dáta agus cruinn;</li><li>● Ní choinneofar sonraí pearsanta níos faide ná mar a luadh ag an tús agus cead á lorg chun iad a bhailiú;</li><li>● Cinnteofar go bhfuil siad a gcoinneáil go sábháilte;</li></ul>

	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tairgeofar deis do thuismitheoirí a sonraí pearsanta a bhaint amach as ár gcomhaid</li> <li>• Cinnteofar go bhfuil aon nochtadh sonraí pearsanta de réir ár nósanna imeachta;</li> <li>• Déileálfar le haon cheisteanna faoi láimhseáil sonraí pearsanta go tapa.</li> </ul>
<b>Slándáil</b>	<p>Rachaidh Coiste na dTuismitheoirí i mbun gnímh chun a chinntiú go gcoinnítear sonraí pearsanta sábháilte i gcónaí.</p> <p>D'fhéadfadh aon nochtadh neamhúdraithe ar shonraí pearsanta do thríú páirtí ag ball coiste Chumann na dTuismitheoirí go ndéanfaí deireadh a chur lena rochtain ar shonraí pearsanta. Cuirfear an té atá i gceist ar an eolas faoin nochtadh neamhúdraithe ar a s(h)onraí pearsanta.</p>
<b>Iarratais ar Rochtain</b>	<p>Tá an ceart ag éinne a bhfuil a s(h)onraí pearsanta á láimhseáil againn fios a bheith acu:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cé na sonraí atá á gcoinneáil agus á bpróiseáil againn orthu</li> <li>• Cén chaoi ar féidir rochtain a fháil ar na sonraí seo</li> <li>• Cén chaoi a gcoinnítear cothrom le dáta iad</li> <li>• Céard atá ar siúl againn chun GDPR a chomhlíonadh.</li> </ul>
<b>Athbhreithniú</b>	<p>Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo gach 3 bliana chun a chinntiú go mbíonn sé cothrom le dáta i gcónaí agus comhlíontach leis an dlí.</p>
<b>Dearbhú</b>	<p>Deimhním go bhfuil Polasaí Scoil Lorcáin um Chosaint Sonraí léite agam agus go dtuigim é agus feidhmeoidh mé dá réir.</p> <p>Tá baint agam leis an eagraíocht seo i mo cháilíocht mar Bhall den choiste.</p> <p>Ainm priontáilte: .....</p> <p>Síniú: .....</p> <p>Dáta: .....</p>